

AN CHOMHAIRLE CHOMHAIRLEACH um ATHRÚ AERÁIDE

Athbhreithniú Bliantúil 2025

# Achoimre do Chách

# Athbhreithniú Bliantúil 2025: Achoimre do Chách

An Chomhairle Chomhairleach um Athrú Aeráide
Áras McCumiskey, Richview, Bóthar Chluain Sceach, Baile Átha Cliath 14, D14 YR62

Teil: 01 2680180

Ríomhphost: info@climatecouncil.ie

www.climatecouncil.ie

© An Chomhairle Chomhairleach um Athrú Aeráide 2025

ISBN: 978-1-80009-270-9

Conas an doiciméad seo a lua:

An Chomhairle Chomhairleach um Athrú Aeráide (2025), *Achoimre do Chách: Athbhreithniú Bliantúil 2025*. https://www.climatecouncil.ie/councilpublications/



# Abhár


Cad é an tAthbhreithniú Bliantúil? 1

Tá aeráid na hÉireann ag athrú, agus tá tionchar aige sin ar dhaoine, ar áiteanna agus ar an dúlra 2

Athbhreithniú Bliantúil 2025 3

Moltaí foriomlána 4

Moltaí i leith Earnáil an Leictreachais 5

Moltaí i leith Earnáil an Iompair 6

Moltaí i leith Earnálacha na Talmhaíochta agus na Talamhúsáide, an Athraithe ar Thalamhúsáid agus na Foraoiseachta 7

Moltaí i leith Earnáil na Timpeallachta Tógtha, na Tionsclaíochta agus na Dramhaíola 8

Moltaí i leith oiriúnú don athrú aeráide agus seasmhacht ina leith 9

Moltaí i leith na bithéagsúlachta 10

Cad iad spriocanna na hÉireann maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa? 11

Cad is buiséad carbóin ann? 11

Cad is uasteorainn astaíochtaí earnála ann? 11

## Cad é an tAthbhreithniú Bliantúil?

Is comhlacht comhairleach neamhspleách í an Chomhairle Chomhairleach um Athrú Aeráide ('an Chomhairle') a bhfuil sé de chúram uirthi measúnú a dhéanamh ar an gcaoi a bhfuil Éire ag tabhairt faoin aistriú chuig geilleagar atá neodrach agus seasmhach ó thaobh na haeráide de, atá saibhir ó thaobh na bithéagsúlachta de agus atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, agus comhairle a sholáthar ina leith sin.

Gach bliain déanann an Chomhairle athbhreithniú ar fheidhmíocht na hÉireann an bhliain roimhe sin maidir leis na nithe seo a leanas:

- astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú,
- oibleagáidí na hÉireann a chomhlíonadh ar leibhéal an Aontais Eorpaigh agus an leibhéal idirnáisiúnta,
- an buiséad carbóin agus gach uasteorainn i dtaobh astaíochtaí earnála a chomhlíonadh i leith na tréimhse sin,
- dul chun cinn a dhéanamh maidir leis an gCuspóir Náisiúnta Aeráide a bhaint amach agus Éire a ullmhú i gcomhair thionchar an athraithe aeráide.

Tugtar achoimre san Athbhreithniú ar na sonraí agus na réamh-mheastacháin is déanaí maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa i leith gach earnála den gheilleagar agus déantar moltaí i dtaobh gníomhaíochtaí a bhaineann le hearnálacha sonracha chun tacú leis an iarracht na huasteorainneacha astaíochtaí earnála a chomhlíonadh. Ina naoi gcuid atá Athbhreithniú Bliantúil 2025:

- An tAthrú Aeráide in 2024,
- Athbhreithniú ar Earnáil an Leictreachais,
- Athbhreithniú ar an Earnáil Iompair,
- Athbhreithniú ar Earnáil na Talmhaíochta agus na Talamhúsáide, an Athraithe ar Thalamhúsáid agus na Foraoiseachta,
- Athbhreithniú ar Earnáil na Timpeallachta Tógtha, na Tionsclaíochta agus na Dramhaíola,
- Ullmhú i gcomhair an Athraithe Aeráide in Éirinn,
- Athbhreithniú ar an mBithéagsúlacht,
- Athbhreithniú Trasearnála.

Is é an chuid seo, Achoimre do Chách, an naoú cuid agus an chuid dheireanach d'Athbhreithniú Bliantúil 2025. Déantar achoimre anseo ar na príomhthorthaí a leagtar amach i ngach cuid den Athbhreithniú Bliantúil agus tugtar achoimre ar na príomh-mholtaí a rinneadh.



## Tá aeráid na hÉireann ag athrú, agus tá tionchar aige sin ar dhaoine, ar áiteanna agus ar an dúlra

Sa cheathrú háit a bhí 2024 ar liosta na mblianta ba theo riamh, agus ba sa tréimhse idir 2005 agus an lá inniu a bhí 7 gcinn de na 10 mbliana ba theo sa tír seo. Ba é earrach na bliana 2024 an séú hearrach ba fhliche riamh, rud a chuir isteach go mór ar an bhfeirmeoireacht. In 2024, bhuail Stoirmeacha Isha, Bert agus Darragh an tír, agus thug siad leo gaoth millteanach mór, báisteach throm, damáiste mór de bharr tuilte, briseadh cumhachta forleathan agus creimeadh cósta. Mothaíodh go forleathan na hiarmhairtí a bhí ag bristí cumhachta, ag an damáiste a rinneadh do Chalafort Caergybi sa Bhreatain Bheag agus ag an gcur isteach ar ghníomhaíochtaí feirmeoireachta mar gheall ar bháisteach throm, chomh maith le hiarmhairtí na n-iarmhairtí sin.

Le linn Stoirm Éowyn, a bhuail Éire ar an 24 Eanáir 2025, sáraíodh na luachanna a bhí ar taifead roimhe sin maidir le luas na gaoithe in Éirinn: tomhaiseadh gaoth leanúnach ar fhórsa hairicín 142 km san uair agus galaí 184 km san uair. Rinneadh dochar tubaisteach: fágadh 768,000 áitreabh gan chumhacht, agus, in ainneoin cúnamh a tháinig ó thar lear chun tacú leis an iarracht téarnaimh, thóg sé 19 lá na naisc leictreachais go léir a dheisiú. Fágadh breis is 200,000 áitreabh gan uisce mar gheall ar bhriseadh cumhachta ag gléasraí cóireála agus stáisiúin chaidéalaithe, agus fágadh breis is 1 mhilliún úsáideoir teileachumarsáide gan clúdach leathanbhanda ná teileafóin. Rinne an stoirm an-damáiste do 25,000 heicteár foraoise freisin. Ba é Stoirm Éowyn an teagmhas árachais ba chostasaí a tharla in Éirinn riamh, agus rinneadh éilimh árachais dar luach os cionn €301 milliún san iomlán. Thug an stoirm sin chun solais an easpa seasmhachta atá i mbonneagar criticiúil na hÉireann i leith babhtaí adhaimsire agus a phráinní atá sé dlús a chur leis an infheistíocht agus leis an ngníomhaíocht chun oiriúnú don athrú aeráide.


Tugann sonraí sealadacha ó Met Éireann le fios gurbh iad earrach agus samhradh 2025 na cinn ba theo riamh agus, go háirithe, gurbh é sin an chéad earrach a bhí níos mó ná 2°C níos teo ná meán an 20ú haois don tréimhse chéanna. Beidh an teocht ag ardú agus ag ardú go dtí go ndéanfar gníomh suntasach agus tarlóidh babhtaí aimsire níos measa, níos suaití agus níos costasaí in Éirinn.



# Athbhreithniú Bliantúil 2025

In Athbhreithniú Bliantúil 2025, tugann an Chomhairle Chomhairleach um Athrú Aeráide rabhadh maidir leis an méid seo a leanas:

1. Níl Éire ar an mbóthar ceart, ná baol air, i dtaobh na spriocanna laghdaithe astaíochtaí atá leagtha síos ag an Aontas Eorpach ná an Stát féin a bhaint amach, agus tá moill go háirithe ar an dul chun cinn in earnálacha na Talmhaíochta agus an Iompair, óna dtagann thart ar 55% d'astaíochtaí na hÉireann. Áitítear ar an Rialtas a gcuid ráiteas uaillmhianach a chur i bhfeidhm le gníomhartha fiúntacha, gníomhartha ar féidir a dtionchar a fheiceáil, a chothaíonn móiminteam agus tacaíocht an phobail.




2. Má theipeann ar an tíre spriocanna a bhaint amach, d'fhéadfadh costais mhóra chomhlíontacha a bheith i gceist, a mheastar a bheith idir €8 agus €26 bhilliún, agus beidh deis ollmhór caillte chun infheistíocht a dhéanamh i dteaghlaigh, i bpobail agus i ngnólachtaí na hÉireann – ag cruthú post, ag feabhsú sláinte agus folláine, agus ag cosaint na ndaoine is leochailí sa tsochaí.

3. In 2024, íocadh fóirdheontais breosla iontaise €4.7 billiún, agus d'íoc teaghlaigh €3.4 billiún i gcánacha comhshaoil. In 2023, cánacha comhshaoil dar luach €3 bhilliún a d'íoc teaghlaigh ach ní bhfuair siad ach €408 milliún (nó 14%) den mhéid sin ar ais i bhfoirm fóirdheontas. Is é glanéifeacht na mbeart sin go bhfuil méadú na ngás ceaptha teasa á spreagadh tríd an gcóras cánach, seachas a laghdú a spreagadh.

4. Níltear ag trasuí treoracha an Aontais ina n-iomláine ná go tráthúil sa dlí náisiúnta, agus tá ganntanas criticiúil ann i dtaobh lucht saothair oilte agus deiseanna oiliúna, rud a chuireann bac ar an dul chun cinn. Ní mór gníomh práinneach a dhéanamh ina leith sin.



# Moltaí foriomlána

## Córas fuinnimh na hÉireann a dhícharbónú

- Ní mór fáil réidh le fóirdheontais breosla iontaise gan mhoill chun tacú le haistriú na hÉireann chuig córas fuinnimh ísealcharbóin. Ba cheart don Rialtas athbhreithniú iomlán a dhéanamh ar chánacha náisiúnta fuinnimh agus ar fhóirdheontais breosla iontaise, conairí athchóirithe a fhorbairt atá cothrom agus cóir, agus plean a chur i bhfeidhm roimh Bhuiséad 2027 a bheidh i gcomhréir leis na buiséid charbóin.
- Is ábhar mór imní an mhoill atá ann i dtaobh threoracha an Aontais a thrasuí sa dlí, go háirithe iadsan a bhaineann le fuinneamh, i bhfianaise a phráinní atá sé aistriú chuig córas fuinnimh ísealcharbóin. Áitíonn an Chomhairle ar an Rialtas a chinntiú go ndéanfar gach treoir a bhaineann leis an aeráid agus le fuinneamh a thrasuí go hiomlán ina dlí roimh uachtaránacht na hÉireann ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh i mí Iúil 2026.

## Fás dlúth

- Chun measúnú ceart a dhéanamh ar an gcéad Phlean Forbartha Náisiúnta eile, ní mór díriú go tréan ar spriocanna soiléire, níos uaillmhianaí le haghaidh fás dlúth, go háirithe i gcás foirgnimh nua. Leis na spriocanna sin, caithfear tacú le forbairt a dhéanamh ar phobail inbhuanaithe laistigh de limistéir thógtha sna cathracha, sna bailte agus sna sráidbhailte agus caithfear spás don dúlra a chosaint mar a cheanglaítear le Dlí an Aontais maidir le hAthchóiriú an Dúlra.

## Rialachas aeráide

- Faoi dheireadh na chéad tréimhse buiséid carbóin in 2025, ní mór don Rialtas soiléiriú a dhéanamh ar an gcaoi a bhfuil sé beartaithe aige déileáil le sáruithe ar uasteorainneacha astaíochtaí earnála, le coigilteas astaíochtaí neamh-leithdháilte, le hathbhreithnithe ar sheanmheastacháin ar fhardail astaíochtaí, agus leis an uasteorainn astaíochtaí earnála maidir le Talamhúsáid, Athrú ar Thalamhúsáid agus Foraoiseacht (LULUCF). Caithfear é sin a dhéanamh ionas go mbeidh bunús deimhin ag na hearnálacha go léir roimh an dara tréimhse buiséid charbóin.



# Moltaí i leith Earnáil an Leictreachais

## Seasmhacht

- Tá sé ríthábhachtach go gcríochnóidh an Rialtas, ar bhonn práinneach, an obair lena chinntiú go mbeidh an líonra leictreachais in ann teacht slán as babhtaí adhaimsire agus gur féidir é a dheisiú go tapa ina ndiaidh, agus dul i dtreo cur chuige níos sistéamaí maidir le hoiriúnú don athrú aeráide. Ba cheart cur leis an gcomhordú idir gníomhaireachtaí, infheistíochtaí caipitil breise a chur ar fáil agus na teicneolaíochtaí is déanaí a sholáthar lena chinntiú go mbeidh córais agus seirbhísí seasmhach ó thaobh na haeráide de agus go gcuirfear an soláthar leictreachais ina cheart a luaithe is féidir. Má dhéantar tuairisciú níos rialta agus níos mionsonraithe, de réir suímh, ar bhristí cumhachta, cuirfear leis an gcuntasacht agus léireofar cé na háiteanna is mó a bhfuil uasghrádú agus infheistíocht ag teastáil ón eangach.


## Pleanáil

- I gcás a lán tionscadail gaoithe ar tír, ní mór an cead pleanála atá faighte ina leith cheana a athnuachan faoi 2030 agus is dócha go ndéanfar na tuirbíní gaoithe a uasghrádú trí thuirbíní níos éifeachtaí a chur ina n-áit. Ós rud é go bhfuil na tionscadail sin nasctha leis an eangach cheana féin, tá sé tábhachtach go smaoineodh údaráis áitiúla agus lucht cinnteoireachta eile ar an mbuntáiste a bhaineann le leanúint ar aghaidh leo, agus srianta dlíthiúla á gcur san áireamh acu. Beidh sé ríthábhachtach go mbeadh dóthain acmhainní ann ar fud an chórais phleanála chun féachaint chuige gur féidir cinntí a dhéanamh gan mhoill.

## Príomhfhíricí


### Earnáil an Leictreachais

Astaíochtaí Iomlána (Mt $CO_2$ eq)




**Uasteorainn Astaíochtaí Earnála 10 mbliana**

An bhearna mheasta go dtí an uasteorainn (-/+) mar atá rudaí faoi láthair:




## Costais a laghdú

- Chun cabhrú le billí leictreachais a ísliú agus leis an éileamh a laghdú le linn buaicuaireanta, ní mór don Rialtas na hathruithe dlíthiúla agus rialála is gá a dhéanamh ionas go mbeidh fáil éasca ag custaiméirí ar a gcuid sonraí méadair chliste. Ba cheart custaiméirí a spreagadh chun a gcuid sonraí a íoslódáil ó thairseach ar líne ESB Networks agus tacaíocht a thabhairt dóibh ionas go mbeidh siad in ann na sonraí a thuiscint agus gníomh a ghlacadh ar a mbonn. In ainneoin reachtaíocht a ritheadh in 2022 lena leagtar síos go bhfuil custaiméirí i dteideal praghsáil dhinimiciúil leictreachais a fháil, tá tabhairt isteach na gconarthaí sin curtha siar anois go dtí Meitheamh 2026. Áitíonn an Chomhairle ar sholáthraithe leictreachais agus ar an rialtóir na conarthaí sin a chur i bhfeidhm níos luaithe, agus uirlisí fíor-ama a chur ar fáil chun cabhrú le custaiméirí airgead a shábháil trína n-úsáid leictreachais a aistriú go hamanna nuair a bhíonn níos mó fuinnimh in-athnuaite ar fáil.

*Foilsíodh na moltaí seo ar dtús ar an 29 Aibreán 2025*



# Moltaí i leith Earnáil an Iompair

## Seirbhísí iompair phoiblí agus seirbhísí scoile

- Tar éis fhoilsiú an Athbhreithnithe ar an bPlean Forbartha Náisiúnta 2025, ní mór don Rialtas cur leis an infheistíocht i seirbhísí iompair phoiblí inbhuanaithe agus tacaíocht leanúnach a thabhairt do gach mórthionscadal iompair phoiblí. Is chun críocha oideachais a dhéantar thart ar aistear amháin as gach cúig cinn, agus bíonn fadhbanna móra maidir le cáilíocht an aeir in aice le scoileanna, méadú ar astaíochtaí iompair agus plódú tráchta ina dtoradh ar aistir chairr. Caithfidh an Rialtas níos mó de na haistir sin a aistriú chuig busanna, traenacha, siúl agus rothaíocht. Beidh gá le tuilleadh maoinithe chuige sin, agus ní mór díriú arís ar shábháilteacht ar bóthar agus ar fháil níos fearr a bheith ar roghanna taistil inbhuanaithe.

## Calafoirt

- Cuireadh isteach go mór ar dhaoine nuair a dúnadh Calafort Caergybi sa Bhreatain Bheag, agus bhí tionchar aige sin ar shlabhraí soláthair agus ar phleananna taistil, rud a léiríonn a thábhachtaí atá sé bonneagar calafoirt na hÉireann agus a comharsan a bheith seasmhach in éadan babhtaí adhaimsire agus teacht slán astu. Tá sé ríthábhachtach go dtabharfar cothrom le dáta an Beartas Náisiúnta um Chalafoirt chun na rioscaí sin a áireamh ann, agus ní mór do gach calafort oiriúnú don tionchar a bhíonn ag babhtaí adhaimsire agus a bheith in ann seasamh ina n-éadan agus teacht uathu go tapa. Chuige sin, tá gá le cur chuige níos comhtháite agus níos córasaí i leith pleanáil le haghaidh rioscaí aeráide agus iad a bhainistiú, agus an cumas riachtanach a fhorbairt chun oiriúnú don athrú aeráide.


## Tacaíochtaí i gcomhair feithiclí leictreacha

- Chun tacú le sprioc an Rialtais 800,000 feithicil leictreach a bheith ar an mbóthar faoi 2030, beidh sé riachtanach na deontais atá ar fáil do theaghlaigh chun feithiclí leictreacha a cheannach a choigeartú agus dlús a chur le soláthar luchtairí poiblí. Ní mór an scéim deontas a athdhíriú ar thacú le ceannach feithiclí leictreacha níos éifeachtaí agus níos saoire nó cinn athláimhe, agus béim ar leith á leagan ar na ceantair sin a bhfuil an rochtain is measa acu ar sheirbhísí iompair phoiblí, agus ar phrionsabail an Aistrithe Chóir.

## Príomhfhíricí


### Earnáil an Iompair

Astaíochtaí Iomlána (Mt $CO_2$ eq)




**Uasteorainn Astaíochtaí Earnála 10 mbliana**

An bhearna mheasta go dtí an uasteorainn (-/+) mar atá rudaí faoi láthair:




*Foilsíodh na moltaí seo ar dtús ar an 18 Meitheamh 2025*



# Moltaí i leith Earnálacha na Talmhaíochta agus na Talamhúsáide, an Athraithe ar Thalamhúsáid agus na Foraoiseachta

## Astaíochtaí a laghdú

- Ba cheart don Rialtas dreasachtaí, rialacháin, córais faireacháin agus tacaíocht oiliúna a neartú chun luas a chur le baint amach spriocanna an Phlean Gníomhaithe ar Son na hAeráide 2025, go háirithe an sprioc i dtaobh úire chóireáilte a úsáid in ionad idir 80% agus 90% den leasachán níotráite amóinia cailciam, agus spriocanna bliantúla a leagan síos maidir le leas a bhaint as breiseáin aoiligh a laghdaíonn meatán.
- Tá na rátaí foraoisithe i bhfad faoi bhun na sprice. Ba cheart don Rialtas gníomh práinneach a dhéanamh chun cur leis an rannpháirtíocht sa Chlár Foraoiseachta 2023–2027 agus an prionsabal an 'crann ceart san áit cheart, á bhainistiú i gceart' á choinneáil i bhfeidhm an tráth céanna. Chun stórais ríthábhachtacha carbóin a chosaint, ní mór gan crainn a chur i bportach domhain, agus ní mór foraoisí a bhainistiú chun rioscaí aeráide a mhaolú agus chun sochair na bithéagsúlachta a threisiú.
- Ba chóir don Rialtas Céim 2 den Athbhreithniú ar Thalamhúsáid a thabhairt chun críche agus a fhoilsiú. Tá géarghá leis sin chun bonn eolais a chur faoi straitéisí maidir le talamhúsáid a thacaíonn le torthaí feabhsaithe socheacnamaíocha, aeráide, bithéagsúlachta, agus cáilíochta uisce agus aeir. Ba cheart amlínte soiléire, acmhainní agus riachtanais oiliúna a leagan amach sna straitéisí sin, agus freagrachtaí a chur ar an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus gníomhaireachtaí ábhartha eile ó thaobh cur chun feidhme de.

## Tosaíocht a thabhairt don tseasmhacht

- Ba cheart don Rialtas aonad ar leith a bhunú chun dlús a chur leis an úsáid a bhaintear as réitigh atá bunaithe ar an dúlra chun acmhainní uisce agus an baol tuilte a bhainistiú ar leibhéal an dobharcheantair. Ba cheart treoirscéimeanna ar mhórscála a dhearadh i gcomhar le húinéirí talún chun na réitigh sin a chur i bhfeidhm.


## Dlús a chur leis an éagsúlú

- I bPlean Gníomhaithe ar Son na hAeráide 2026, ba cheart don Rialtas spriocanna bliantúla a leagan síos maidir le bearta sonracha a chur i bhfeidhm ar mhaithe leis an éagsúlú. San áireamh leo sin bheadh bearta maidir le giniúint bithfhuinnimh, córais táirgthe orgánaigh, leathnú ar an saothrú talún, athchóiriú na bithéagsúlachta, agus méadú ar fhoraoisiú agus ar agrafhoraoiseacht, agus beartais a chur i bhfeidhm go tráthúil chun tacú leo sin.

## Príomhfhíricí


### Earnáil na Talmhaíochta

Astaíochtaí Iomlána (Mt $CO_2$ eq)





Uasteorainn Astaíochtaí Earnála 10 mbliana

An bhearna mheasta go dtí an uasteorainn (-/+) mar atá rudaí faoi láthair:





### Earnáil na Talamhúsáide, an Athraithe ar Thalamhúsáid agus na Foraoiseachta

Astaíochtaí Iomlána (Mt $CO_2$ eq)




Buiséad Astaíochtaí LULUCF AE measta 5 bliana

An bhearna mheasta go dtí an méid atá buiséadaithe (-/+) mar atá rudaí faoi láthair:




* Níl sonraí na bliana 2024 ar fáil fós i leith na hearnála LULUCF

*Foilsíodh na moltaí seo ar dtús ar an 16 Iúil 2025*



# Moltaí i leith Earnáil na Timpeallachta Tógtha, na Tionsclaíochta agus na Dramhaíola

## An Timpeallacht Thógtha

- Ní mór stopadh ag úsáid breoslaí iontaise, de réir a chéile agus ar bhonn práinneach, mar sin tá sé ríthábhachtach go n-áireofar sa Phlean Náisiúnta um Athchóiriú Foirgneamh atá le foilsiú i mbliana plean soiléir chun deireadh a chur de réir a chéile le coirí breosla iontaise i bhfoirgnimh atá ann cheana féin.
- Moltar tacaíocht, treoir agus caighdeáin níos leithne a chur ar fáil maidir le suiteálacha grianphainéal, agus cadhnraí agus lasca athraithe san áireamh, chun cuidiú le custaiméirí i gcás bristí cumhachta, agus díriú go háirithe ar theaghlaigh leochaileacha agus ar thacú leis an tseasmhacht le linn imeachtaí adhaimsire.

## Earnáil na Tionsclaíochta agus na Dramhaíola


- Molann an Chomhairle go ndéanfadh an Rialtas beart práinneach chun tacú le tógáil foirgneamh ísealcharbóin. Ba cheart a áireamh leis sin caighdeáin nua a fhorbairt agus dlús a chur le próisis formheasa i dtaobh teicneolaíochtaí stroighne ísealcharbóin, agus ceanglas a bheith ann pleananna bainistíochta acmhainní agus dramhaíola a bheith ag gabháil le gach foirgneamh nua, ionas gur lú an méid ábhair a úsáidtear agus go laghdófar dramhaíl.

*Foilsíodh na moltaí seo ar dtús ar an 2 Meán Fómhair 2025*

## Príomhfhíricí

### Earnáil na Timpeallachta Tógtha


Astaíochtaí Iomlána (Mt $CO_2$ eq)





Uasteorainn Astaíochtaí Earnála 10 mbliana

An bhearna mheasta go dtí an uasteorainn (-/+) mar atá rudaí faoi láthair:

Le bearta atá ann cheana





Le bearta breise




### Earnáil na Tionsclaíochta agus Earnálacha Eile

Astaíochtaí Iomlána (Mt $CO_2$ eq)





Uasteorainn Astaíochtaí Earnála 10 mbliana

An bhearna mheasta go dtí an uasteorainn (-/+) mar atá rudaí faoi láthair:

Le bearta atá ann cheana




Le bearta breise




* Áiríonn earnálacha 'eile' astaíochtaí ó F-gháis, ó dhramhaíl agus ó scagadh peitriliam



# Moltaí i leith oiriúnú don athrú aeráide agus seasmhacht ina leith

## An tAthrú Aeráide in 2024

- Ba cheart don Rialtas clár náisiúnta damáiste aeráide a bhunú chun faireachán a dhéanamh ar na tionchair eacnamaíocha, shóisialta agus chomhshaoil a bhíonn ag babhtaí adhaimsire agus taifead a choinneáil orthu chun tacú le hullmhacht agus pleanáil níos láidre le haghaidh babhtaí adhaimsire amach anseo.
- Ba cheart don Rialtas an maoiniú agus an tacaíocht is gá a chur ar fáil chun an córas náisiúnta breathnóireachta aeráide a choinneáil ar bun agus a fheabhsú, agus áirítear leis sin faireachán a dhéanamh ar na hathróga criticiúla atmaisféaracha, talún agus aigéin go léir.

*Foilsíodh na moltaí seo ar dtús ar an 19 Márta 2025*

## Ullmhú i gcomhair an Athraithe Aeráide in Éirinn

- Ba cheart don Rialtas maoiniú sainithe bliantúil a chur ar fáil chun róil bhuan a dhéanamh díobh siúd a bhaineann leis an ngníomhú ar son na haeráide in údaráis áitiúla agus in oifigí réigiúnacha a bhíonn ag obair sa réimse sin. Leis sin, sheachnófaí go gcaillfí saineolas ríthábhachtach agus chosnófaí an neart atá faoin ngníomhú ar son na haeráide. Ní mór maoiniú leordhóthanach, leanúnach a chur ar fáil ón Rialtas láir freisin chun tacú le bearta oiriúnaithe don athrú aeráide ar an leibhéal áitiúil.
- Ar fud na n-earnálacha uile, ba cheart don Rialtas a chinntiú go gcuirfear gníomhartha a bhfuil torthaí dea-shainithe acu i dtaobh na seasmhachta, ó na pleananna oiriúnaithe earnála, san áireamh i bPlean Gníomhaithe ar Son na hAeráide 2026. Ba cheart an dul chun cinn maidir le cur i bhfeidhm na mbeart oiriúnaithe a thuairisciú gach bliain don Chomhchoiste Oireachtais um Aeráid, Comhshaol agus Fuinneamh.
- Ós rud é gur minice a tharlaíonn babhtaí adhaimsire anois agus gur ag gabháil in olcas atá siad, ba cheart don Rialtas an Scéim um Chúnamh i leith Adhaimsire a bhunú roimh shéasúr stoirmeacha 2025/26 agus a chinntiú gur scéim bhuan a bheidh inti, go mbeidh acmhainní cuí ar fáil di agus go mbeidh próisis agus nósanna imeachta cuíchóirithe i bhfeidhm ina leith ionas gur féidir freagairt thapa a thabhairt.

*Foilsíodh na moltaí seo ar dtús ar an 29 Meán Fómhair 2025*



## Moltaí i leith na bithéagsúlachta

### Rialacháin a neartú

- Ní mór don Rialtas rialachán sonrach a fhorbairt, ar bhonn práinneach, lena gceanglaítear ar údaráis phleanála a chinntiú nach mbeidh aon chaillteanas glan bithéagsúlachta ann agus go gcuirfear i bhfeidhm réitigh atá bunaithe ar an dúlra i ngach forbraíocht a bheartófar feasta.

### Dreasachtaí a fheabhsú

- Ba cheart don Rialtas leanúnachas na scéimeanna comhshaoil atá i bhfeidhm faoi láthair i réimse na talmhaíochta a chinntiú agus féachaint chuige go ndéanfar íocaíochtaí tráthúla, agus clár fadtéarmach a bhunú faoina dtabharfar dreasachtaí agus luach saothair d'fheirmeoirí as bearta uaillmhianacha, bunaithe ar thorthaí a chur i bhfeidhm chun astaíochtaí a laghdú, an tseasmhacht a neartú agus an bhithéagsúlacht agus seirbhísí éiceachórais a fheabhsú.
- Mar chuid den athbhreithniú meántéarmach ar Chlár Foraoiseachta 2023–2027, ba cheart don Rialtas dreasachtaí a neartú i leith Scéim Cheantar na gCrann Dúchasach agus fáil réidh le bacainní a bhaineann léi chun a spreagadh go gcuirfear foraoisí beaga ina mbeidh crainn dhúchasacha ar achar 0.1–1 heicteár chun cabhrú linn spriocanna foraoisithe a bhaint amach, an bhithéagsúlacht a fheabhsú agus uiscebhealaí a chosaint.

### Spriocanna a leagan sios agus faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn

- Ba cheart do ranna rialtais agus do chomhlachtaí leathstáit comhordú a dhéanamh lena chéile agus spriocanna á leagan síos maidir le hathchóiriú tailte móna do 2030, 2040 agus 2050, agus ba cheart dóibh bearta athchóirithe agus caomhnaithe a leathnú sna limistéir faoi chosaint agus lasmuigh dóibh. Ba cheart spriocanna a áireamh i bPlean Gníomhaithe ar Son na hAeráide 2026 agus ba cheart tuairisciú bliantúil ar an dul chun cinn a dhéanamh ina leith.

*Foilsíodh na moltaí seo ar dtús ar an 15 Deireadh Fómhair 2025*

## Cad iad spriocanna na hÉireann maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa?

Tá Éire ar cheann de 190 tír a shínigh Comhaontú Pháras, a bhfuil sé ina aidhm leis an téamh domhanda a theorannú go dtí cuid mhaith faoi bhun 2°C agus an méadú a theorannú go 1.5°C.

Le buiséid charbóin a mholann an Chomhairle Chomhairleach um Athrú Aeráide, tacaítear leis an gCuspóir Náisiúnta Aeráide maidir le geilleagar iomaíoch, ísealcharbóin, atá seasmhach agus neodrach ó thaobh na haeráide de agus atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a bhaint amach faoi 2050. Dírítear sa chéad dá bhuiséad carbóin (2021–2025 agus 2026–2030) ar laghdú 51% ar astaíochtaí a bhaint amach faoi 2030 i gcomparáid le leibhéil na bliana 2018. I mí na Nollag 2024, mhol an Chomhairle an leagan deiridh den tríú buiséad carbóin (2031–2035) agus leagan sealadach den cheathrú buiséad (2036–2040) chun tacú le neodracht aeráide a bhaint amach faoi 2050. Bhí na buiséid sin bunaithe ar na sonraí astaíochtaí, an chomhairle eolaíoch agus ar an dea-chleachtas idirnáisiúnta is déanaí, agus tá sé i gceist leo na tairbhí eacnamaíocha is fearr is féidir a bhaint amach agus an ceartas aeráide á chur san áireamh. Rinneadh comhairliúchán poiblí i leith buiséid charbóin a trí agus a ceathair i samhradh na bliana 2025 agus táthar ag fanacht faoi láthair le formheas ón Rialtas.

## Cad is buiséad carbóin ann?

Léiríonn buiséad carbóin méid iomlán na n-astaíochtaí a fhéadfar a scaoileadh le linn tréimhse chomhaontaithe 5 bliana. Tomhaistear é sin ina dtonaí de choibhéis dé-ocsaíde carbóin agus déantar é a ríomh ar fud an gheilleagair. Má sháraíonn Éire ceann dár mbuiséid charbóin, ní mór an barrachas a chúiteamh sa chéad tréimhse eile. Is é atá i gceist leis na buiséid charbóin Éire a chur ar an mbóthar ceart chun bheith neodrach ó thaobh na haeráide de faoi 2050.

## Cad is uasteorainn astaíochtaí earnála ann?

Is éard atá i gceist le huasteorainneacha astaíochtaí earnála ná méid iomlán na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa a cheadaítear do gach earnáil den gheilleagar a tháirgeadh le linn tréimhse ar leith. In Éirinn, leagtar síos leis na huasteorainneacha astaíochtaí earnála uasmhéid na n-astaíochtaí a cheadaítear ó gach earnáil lena chinntiú go gcloífidh Éire lena buiséid charbóin.

Léiríonn na grafaicí ar leathanaigh 5–8 an chaoi a bhfuil dul chun cinn réamh-mheasta gach earnála ailínithe leis an uasteorainn astaíochtaí earnála atá comhaontaithe ina leith i rith an dá thréimhse buiséid charbóin tosaigh (2021–2025 agus 2026–2030).

Is iad na hearnálacha sin: Leictreachas; Earnáil na Tionsclaíochta agus eile; Iompar; an Timpeallacht Thógtha (an earnáil chónaithe, an earnáil tráchtála agus an earnáil phoiblí); agus Talmhaíocht, Talamhúsáid, Athraithe ar Thalamhúsáid agus Foraoiseacht.